**PREASRÁITIS**

Dé Luain 17ú Iúil 2023

## Comórtas pictiúrlainne á sheoladh ag an tAire McEntee chun 100 bliain d'aicmiúchán scannán in Éirinn a chomóradh

*Comórtas ar cheann de roinnt imeachtaí chun an comóradh céad bliain a chomóradh*

D'fhógair an tAire Dlí agus Cirt Helen McEntee TD sraith imeachtaí inniu (17.07.23) chun comóradh 100 bliain an aicmiúcháin scannán in Éirinn a cheiliúradh. Ar cheann de na chéad phíosaí reachtaíochta a rith Saorstát Éireann, síníodh an tAcht um Scrúdóireacht Scannán 1923 ar an 16 Iúil 1923, lenar bunaíodh oifig Scrúdóir Oifigiúil na Scannán. Tá an fócas forbartha thar na blianta ó chinsireacht go haicmiúchán, leis an gcomhlacht reatha ar a dtugtar Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann.

I measc na n-imeachtaí chun an comóradh céad bliain a cheiliúradh tá comórtas sa phictiúrlann a chuireann feasacht ar na catagóirí éagsúla aicmithe scannán chun cinn agus lógó athnuaite IFCO; ceardlann aicmithe IFCO ar an Oíche Chultúir (22ú Meán Fómhair), agus imeacht leis an Roinn Dlí agus Cirt; Cartlann Náisiúnta na hÉireann agus IFCO i mí Dheireadh Fómhair mar chuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Cuirfear tús le comórtas IFCO i bpictiúrlanna inniu (17.07.23). Cuireann an comórtas lógó nua IFCO chun cinn agus cuimsíonn sé breacphictiúir chripteacha de scannáin aitheanta a bhfuil nasc Éireannach acu le 100 bliain anuas ó gach ceann de chatagóirí aicmithe IFCO (G, PG, 12A, 15A, 16, agus 18). Cuirfidh an comórtas ar an scáileán dúshlán roimh dhaoine a théann chuig an bpictiúrlann le scannán a aithint, le deis iPad a bhuachan. Beidh an comórtas ar siúl go dtí an 27 Meán Fómhair 2023. Is féidir tuilleadh sonraí agus an fhoirm iontrála a fháil ar shuíomh gréasáin IFCO.

Óstálfaidh IFCO ócáid ar an Oíche Chultúir (22ú Meán Fómhair) ina dtabharfar cuireadh don phobal páirt a ghlacadh i gceardlann aicmiúchán praiticiúil in Oifigí IFCO i mBaile Átha Cliath. Mar chuid den imeacht seo, tabharfar léargas do rannpháirtithe ar an gcaoi a gcuirtear treoirlínte IFCO i bhfeidhm go praiticiúil ar phíosa ábhair.

Idir an dá linn, óstálfaidh an Roinn Dlí agus Cirt, Cartlann Náisiúnta na hÉireann agus IFCO ócáid i mí Dheireadh Fómhair chun Comóradh Céad Bliain na hOifige a cheiliúradh, mar chuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán ar an iomlán. Chomh maith le breathnú ar éabhlóid na cinsireachta / an aicmiúcháin scannáin le 100 bliain anuas, cuirfidh an ócáid tús le próiseas chun taifid IFCO atá fágtha a aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta. Cuimsíonn na taifid seo na cinntí aonair ar scannáin a ndearna IFCO agus a réamhtheachtaithe athbhreithniú orthu, agus iad siúd atá faoi réir achomhairc chuig an mBord Achomhairc um Aicmiú Scannán.

Ag labhairt di, dúirt an tAire Dlí agus Cirt Helen McEntee: "Bhí an phictiúrlann ina cuid ollmhór de shaol na hÉireann i gcónaí, ó thaobh siamsaíochta agus ár n-aschuir chruthaithigh de. Tá lúcháir orm a fheiceáil - ó Thuarascáil Bhliantúil IFCO 2022 - go bhfuil tionscal pictiúrlainne na hÉireann ag filleadh ar leibhéil réamh-COVID i dtéarmaí ioncaim oifig na dticéad agus tinrimh. Táthar ag súil go bhféadfadh ioncam in 2023 méadú thar an mbuaicphointe réamh-phaindéime de €119m in 2019. Tá sé seo faoi thionchar ag liosta láidir d'eisiúintí idirnáisiúnta agus roinnt ábhar Éireannach iontach, lena n-áirítear An Cailín Ciúin a taifeadadh den chuid is mó i gContae na Mí"

"Léiríonn an éabhlóid ó chinsireacht go haicmiúchán le 100 bliain anuas ar bhealach muinín mhéadaitheach ár dtíre agus an tsochaí féinmhuiníneach, oscailte agus éagsúil atá againn inniu. Táim ag tnúth leis an réimse imeachtaí a bheidh ar siúl sna míonna amach romhainn a dhéanfaidh iniúchadh ar an turas sin."

"Bíonn tionchar ag aicmiúchán scannán ar lucht leanúna na pictiúrlainne, idir óg agus aosta, ar fud na tíre agus tá sé tábhachtach go dtuigfeadh tuismitheoirí, go háirithe, an córas aicmiúchán. Tá lúcháir orm an comórtas pictiúrlainne gaolmhar seo a sheoladh, a thabharfaidh dúshlán d'eolas díograiseoirí scannáin ar thírdhreach phictiúrlann na hÉireann."

Dúirt Stiúrthóir Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann, an Dochtúir Ciarán Kissane: "Tá ríméad orainn go bhfuil an tAire McEntee ag cur tús lenár gceiliúradh céad bliain inniu, ag tosú lenár lógó a athnuachan. Cé go mb'fhéidir go bhfuil cuma bheag ar ár n-athrú lógó, tá sé thar a bheith suntasach ó thaobh ionadaíocht a dhéanamh ar obair ár nOifige. Tá an t-athrú ó aicmiú dearg 18s go glas do PG (treoir tuismitheora). Léiríonn sé seo nádúr treorach tábhachtach ár gcuid oibre - bhí 75% de na deimhnithe amharclainne a d'eisigh IFCO in 2022 le PG, 12A nó 15A. Ligeann siad seo go léir do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí an cinneadh deiridh a dhéanamh maidir le cibé an bhfuil scannán oiriúnach do leanaí sa chatagóir aoise ábhartha. Ní raibh ach 10% díobh idir 16 agus 18 mbliana d'aois. Tá a fhios againn ó thaighde a rinneadh le déanaí go bhfuil muinín san IFCO rátálacha aoise iontaofa a sholáthar agus coinníonn an t-athnuachan seo ceangal láidir agus oidhreacht bhranda IFCO."

Tá IFCO ag reáchtáil comhairliúchán poiblí faoi láthair ar a dhréacht-Ráiteas Straitéise 2023 - 2025, ina leagtar amach a fhís maidir le rialáil ábhar closamhairc a thugann cumhacht don phobal agus a chuireann iolracht chun cinn.

Dúirt an Dr Kissane freisin: "Tá an Oifig tagtha chun cinn go mór le 100 bliain anuas, ó fheidhm chinsireachta dhian an 20ú hAois go dtí an sainchúram aicmiúcháin reatha atá níos oiriúnaí dár sochaí nua-aimseartha. Is é ár ról maidir le treoir iontaofa a sholáthar a léiríonn agus a mhúnlaíonn ionchais lucht féachana mar chroílár ár ngníomhaíochtaí. Leagfaidh ár Ráiteas Straitéise fócas na hOifige sna trí bliana amach romhainn, agus tá suim againn cloisteáil ó

raon éagsúil daoine ar an mbealach is fearr is féidir linn an ceart chun tuairimí a nochtadh a chothromú le lucht féachana a chosaint ar ábhar díobhálach agus neamhdhleathach. Mar chuid de seo, baileoimid aiseolas ónár n-imeacht Oíche Chultúir chun bonn eolais a chur faoin athbhreithniú ar ár dTreoirlínte agus mholfaimis do gach duine a bhfuil suim acu in aicmiúchán scannáin in Éirinn a dtuairimí a thabhairt ar ár ndréacht-Ráiteas Straitéise."

Fógrófar sonraí faoi imeachtaí na hOíche Cultúir agus Dheich mBliana na gCuimhneachán in am trátha.

**CRÍOCH**

**Teagmháil na Meán: Síona Cahill/Joanne Ahern, Cumarsáid DHR, Guth: 087-753 0255 / 087-9881837.**

**Nótaí d'Eagarthóirí:**

- Is féidir sonraí an chórais aicmiúcháin IFCO a fháil ar www.ifco.ie.
- Mairfidh an comhairliúchán poiblí ar dhréacht-Ráiteas Straitéise IFCO 2023 – 2026 go dtí an 1ú Lúnasa 2023. Rinne IFCO agus Behaviour & Attitudes taighde fairsing chun bonn eolais a chur faoin straitéis. Is féidir taighde agus sonraí an chomhairliúcháin phoiblí a fháil anseo.
- Eiseoidh Maxwell Photography íomhánna chuig deasca grianghraf tráthnóna inniu chun seoladh an chomórtais IFCO a chomóradh.
- Tá an Dr Ciarán Kissane ar fáil le haghaidh agallaimh, ar iarratas.